Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13391/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0283 (NLE)**

**UK 187**
**COMPET 1089**
**IND 553**
**MI 903**
**RECH 369**
**ENV 1099**
**ENT 228**
**FOOD 123**
**SAN 663**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 487 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun gníomh nuaghlactha de chuid an Aontais a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 487 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 487 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2026
COM(2026) 487 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh chun gníomh nuaghlactha de chuid an Aontais a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor**

# DRÉACHT

CINNEADH Uimh. …/2026 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an …

lena gcuirtear gníomh nuaghlactha de chuid an Aontais le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 13(4) de Chreat Windsor[2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 13(4) de Chreat Windsor tugtar de chumhacht don Chomhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh lena ndéanfar gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais a thagann faoi raon feidhme Chreat Windsor a chur leis na hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Creat Windsor.

(2) De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe leis na cinntí sin a chur chun feidhme agus tá na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag na cinntí sin agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar.

1 IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

2 Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).

(3) Rialachán (AE) 2025/2455 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], is gníomh nuaghlactha de chuid an Aontais é a thagann faoi raon feidhme Chreat Windsor ar cheart é a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor. Mar sin féin, níor cheart na forálacha seo a leanas de Rialachán (AE) 2025/2455 a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor: Airteagal 25; pointí 1-2, 5-6, 8, 20, 22-23, 27-31, 38, 43-45, 52-53, 59 agus 66-67 d’Iarscríbhinn I; pointí 3, 8, 10, 12, 14, 25, 29 agus 32 d’Iarscríbhinn III; réimsí sonraí in Iarscríbhinn IV a bhaineann leis na pointí roimhe sin a liostaítear i leith Iarscríbhinní I agus III; agus pointe 2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/2455.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Rialachán (AE) 2025/2455 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais do cheimiceáin, cé is moite d’Airteagal 25 agus pointí 1-2, 5-6, 8, 20, 22-23, 27-31, 38, 43-45, 52-53, 59 agus 66-67 d’Iarscríbhinn I, pointí 3, 8, 10, 12, 14, 25, 29 agus 32 d’Iarscríbhinn III, cuirfear réimsí sonraí in Iarscríbhinn IV a bhaineann leis na pointí roimhe sin a liostaítear i leith Iarscríbhinní I agus III, agus pointe 2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor faoi phointe 23 ‘Ceimiceáin agus ábhair ghaolmhara’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa/san ...,

Thar ceann an Chomhchoiste

Na Comhchathaoirligh

---

[3] Rialachán (AE) 2025/2455 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha chun a áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais do cheimiceáin (IO L, 2025/2455, 12.12.2025, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2455/oj)